AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.11.2021
COM(2021) 698 final

2021/0363 (BUD)

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón bhFrainc – EGF/2021/005 FR/Airbus

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED), is rialacha iad a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] (dá ngairtear Rialachán maidir le CED anseo feasta).
2. Tar éis iomarcaíochtaí a theacht chun cinn in Airbus sa Fhrainc, chuir an Fhrainc iarratas EGF/2021/005 FR/Airbus ar ranníocaíocht airgeadais ó CED isteach an 26 Iúil 2021.
3. Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an iarratas sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, i gcomhréir le forálacha uile an Rialacháin is infheidhme maidir le CED, gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a dhámhachtain ó CED.

## ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| | |
|---|---|
| Iarratas ar CED | EGF/2021/005 FR/Airbus |
| Ballstát | an Fhrainc |
| An réigiún/na réigiúin lena mbaineann (leibhéal 2 NUTS[2]) | Midi-Pyrénées<br>(FRJ2)<br>Dúiche an Loire<br>(FRG0) |
| An dáta a cuireadh an t-iarratas isteach | an 26 Iúil 2021 |
| An dáta a admhaíodh go bhfuarthas an t-iarratas | an 9 Lúnasa 2021 |
| An dáta a iarradh faisnéis bhreise | an 9 Lúnasa 2021 |
| An spriocdháta leis an bhfaisnéis bhreise a sholáthar | an 13 Meán Fómhair 2021 |
| An spriocdháta leis an measúnú a chur i gcrích | an 24 Samhain 2021 |
| An critéar idirghabhála | Airteagal 4(2)(a) den Rialachán maidir le CED |
| An príomhfhiontar | Airbus<br>(Airbus SE) |
| An líon fiontar lena mbaineann | 1 |
| An earnáil/na hearnálacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch | Rannán 30 (Monarú trealaimh iompair) |

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1755 ón gCoimisiún 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú. IO L 270, 24.10.2019, lgh. 1–56.

| | |
|---|---|
| (Rannán NACE Athbhreithniú 2)[3] | |
| An tréimhse thagartha (ceithre mhí): | an 1 Samhain 2020 – an 1 Márta 2021 |
| An líon iomarcaíochtaí le linn na tréimhse tagartha (*a*) | 508 |
| An líon iomarcaíochtaí roimh an tréimhse thagartha nó ina diaidh (*b*) | 0 |
| An líon iomlán iomarcaíochtaí (*a* + *b*) | 508 |
| An líon iomlán tairbhithe incháilithe | 508 |
| An líon iomlán tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú | 297 |
| An buiséad i gcomhair seirbhísí pearsantaithe (EUR) | 4 406 194 |
| An buiséad le CED[4] a chur chun feidhme (EUR) | 0 |
| Buiséad iomlán (EUR) | 4 406 194 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 %) (EUR) | 3 745 264 |
| | |

## MEASÚNÚ AR AN IARRATAS

### Nós imeachta

4. An 26 Iúil 2021, chuir an Fhrainc isteach iarratas EGF/2021/005 FR/Airbus, is é sin laistigh de 12 sheachtain ón dáta a comhlíonadh na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán maidir le CED[5]. D'admhaigh an Coimisiún go bhfuair sé an t-iarratas, agus an 9 Lúnasa 2021, d'iarr sé ar an bhFrainc faisnéis bhreise a sholáthar. Soláthraíodh an fhaisnéis bhreise sin laistigh de 25 lá oibre ón tráth a iarradh í, tar éis síneadh 10 lá oibre a chur leis an spriocdháta arna iarraidh sin go cuí-réasúnaithe ag an bhFrainc. An spriocdháta 50 lá oibre ón tráth a fuarthas an t-iarratas comhlánaithe, tréimhse ar lena linn ba cheart don Choimisiún críoch a chur leis an measúnú ar an gcaoi a bhfuil na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar á gcomhlíonadh leis an iarratas, is spriocdháta é a rachaidh in éag an 24 Samhain 2021.

### Incháilitheacht an iarratais

*Na fiontair agus na tairbhithe lena mbaineann*

5. Baineann an t-iarratas le 508 n-oibrí iomarcacha a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht san Aonad Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESU)[6] Airbus Commercial (dá ngairtear 'Airbus Commercial' anseo feasta) de chuid Airbus (Airbus SE). Oibríonn Airbus san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi rannán 30 NACE

[3] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

[4] I gcomhréir leis an gcúigiú mír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2021/691.

[5] Cuireadh an teorainn ama 12 seachtaine ar fionraí idir an 1 Eanáir 2021 agus an 3 Bealtaine 2021 i gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/691.

[6] Is éard is aonad eacnamaíoch agus sóisialta ann (unité économique et sociale – UES) ionstraim dhlíthiúil faoi dhlí na Fraince lena gceadaítear fiontair a ghrúpáil a bhfuil an bhainistíocht chéanna acu, a oibríonn san earnáil chéanna agus a bhfuil na leasanna céanna ag a bhfostaithe, ach ar fiontair leithleacha iad go dlíthiúil, agus é mar aidhm leis ionadaíocht fostaithe choiteann a chruthú. Tharla na hiomarcaíochtaí in ESU Airbus Commercial, aonad faoina ndéantar an dá fhochuideachta Fhrancacha Airbus SAS agus Airbus Operations SAS de chuid Airbus SE a ghrúpáil.

Athbhreithniú 2 (Monraú trealaimh iompair). Na hiomarcaíochtaí a rinne an fiontar, rinneadh iad i réigiúin NUTS 2, Midi-Pyrénées (FRJ2) agus Dúiche an Loire (FRG0).

*Critéir idirghabhála*

6. Chuir an Fhrainc an t-iarratas isteach faoi na critéar idirghabhála in Airteagal 4(2)(a) den Rialachán maidir le CED, lena gceanglaítear scor na ngníomhaíochtaí de 200 oibrí iomarcacha ar a laghad thar thréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe iomarcacha i soláthraithe agus i dtáirgeoirí iartheachtacha agus / nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht.

7. An tréimhse thagartha 4 mhí le haghaidh an iarratais, mhair sé ón 1 Samhain 2020 go dtí an 1 Márta 2021, tréimhse ar lena linn scaoil Airbus 508 n-oibrí chun bealaigh.

*Iomarcaíochtaí agus scor na gníomhaíochta a ríomh*

8. Rinneadh scor ghníomhaíochtaí na n-oibrithe iomarcacha le linn na tréimhse tagartha a ríomh ó dháta fhógra aonair an fhostóra lenar léiríodh go raibh an t-oibrí le leagan as nó go raibh conradh fostaíochta an oibrí le foirceannadh.

*Tairbhithe incháilithe*

9. Is é 508 nduine an líon iomlán tairbhithe incháilithe.

*Tuairisc ar na teagmhais as ar eascair an iomarcaíocht agus scor na gníomhaíochta*

10. Is príomh-mhonaróir aerárthaí tráchtála é Rannán Aerárthaí Tráchtála Airbus. Mar gheall ar thobchliseadh ginearálta na heitlíochta tráchtála, go háirithe eitiltí paisinéirí, de deasca phaindéim Covid-19, tá deacrachtaí tromchúiseacha ag Rannán Aerárthaí Tráchtála Airbus.

11. Coinníodh an chuid ba mhó den earnáil ar an talamh de bharr srianta taistil ginearálta le linn na paindéime. Thairis sin, de bharr na géarchéime eacnamaíche a lean an phaindéim, laghdaíodh cumhacht cheannaigh roinnt mhaith custaiméirí aeriompair agus níor mhór dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar a gcinneadh an t-aeriompar a úsáid.

12. Tá pleananna ollmhóra athstruchtúrúcháin fógartha nó curtha chun feidhme ag an gcuid is mó d’aerlínte tráchtála cheana féin chun na cuideachtaí a shábháil go dtí go mbeidh téarnamh iomlán déanta ag an earnáil. De réir Airbus, ní mheastar go dtarlóidh sin roimh 2025[7].

13. Mar chuid de phleananna athstruchtúrúcháin na n-aerlínte, cuireadh roinnt aerárthaí as feidhm roimh am agus cuireadh pleananna chun aerárthaí nua a fháil ar athló nó ar ceal. Bhí aerárthaí le fáil go flúirseach, rud a d’fhág gur tháinig titim mhór ar phraghsanna díola na n-aerárthaí[8].

14. Is é táirgeadh aerárthaí Airbus a ghin 67 % de láimhdeachas foriomlán Airbus[9]. Ó Aibreán 2020 ar aghaidh, níor mhór na pleananna athstruchtúrúcháin a chur in

7 Doiciméad neamhfhoilsithe: Airbus ‘Livre 2’, anailís inmheánach ar ghéarchéim COVID agus a tionchar ar earnáil gníomhaíochta Airbus sa Fhrainc.

8 Idem.

9 https://www.airbus.com/content/dam/corporate-topics/financial-and-company-information/Airbus-FY2020-Presentation.pdf

oiriúint do staid na géarchéime, rud a d'fhág gur tháinig laghdú aon trian ar leibhéil táirgeachta[10].

15. Chun líon a fhostaithe a chur in oiriúint do na pleananna táirgeachta a athraíodh go tobann, bhí ar Airbus plean athstruchtúrúcháin a chur chun feidhme. De réir comhaontú cómhargála uile-chuideachta[11], gearradh 4 248 bpost sa Fhrainc amháin[12].

16. Ar an gcéad dul síos, bhain Airbus úsáid as forálacha na reachtaíochta éigeandála nua[13] a ritheadh sa Fhrainc mar fhreagairt ar an bpaindéim. Leis na forálacha sin ceadaítear d'fhiontair baill foirne a fhruiliú le fiontair eile. I gcás Airbus, aimsíodh réitigh laistigh d'fho-eintitis eile de chuid Airbus, ach le fiontair sheachtracha freisin. Mar thoradh air sin, níorbh éigean bata agus bóthar a thabhairt do na fostaithe lena mbaineann.

17. Sheol rialtas na Fraince clár chun tacú leis an earnáil[14]. Leis an tacaíocht sin ó rialtas na Fraince bhí Airbus in ann 500 post de chuid innealtóirí ardoilte a shábháil.

18. Tháinig na páirtithe idirbheartaíochta ar chomhaontú freisin chun clár a chur ar bun chun treoraíocht a chur ar fáil d'oibrithe ar suim leo deireadh a chur lena gcaidreamh oibre le Airbus go deonach.

19. Thairis sin, mar fhreagairt ar an ngéarchéim eacnamaíoch a tharla i ngeall ar phaindéim Covid-19, sheol rialtas na Fraince clár gníomhaíochtaí sealadach fadtéarmach páirtaimseartha[15] lena gcuirtear ar chumas na gcuideachtaí sin a bhfuil deacrachtaí acu uaireanta oibre a bhfostaithe a laghdú. A bhuí leis an gclár sin, d'fhéadfaí 1 502 phost eile a shábháil.

20. Cé go rabhthas in ann an líon daoine a dífhostaíodh a laghdú go suntasach, cailleadh 2 246 phost.

*An tionchar a mheastar a bheidh ag na hiomarcaíochtaí ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, sin agus ar an bhfostaíocht*

21. Míníonn údaráis na Fraince go ndéanann an ghéarchéim a lean paindéim Covid-19 difear ar leith do na réigiúin lena mbaineann. Bhí an dá réigiún thíos le ráta dífhostaíochta a bhí ag dul i méid, fiú roimh an ngéarchéim. I nDúiche an Loire, mhéadaigh an ráta dífhostaíochta ó 6.8 % in 2008 go 8.5 % in 2018, agus in Occitanie (an réigiún lena mbaineann in Midi-Pyrénées) mhéadaigh sé ó 8.8 % go 10.7 % le linn na tréimhse céanna. Ó 2018 ar aghaidh thosaigh na rátaí dífhostaíochta ag laghdú beagán, nuair a thit an ghéarchéim amach in 2021. Sa chéad ráithe de

10 https://www.airbus.com/newsroom/press-releases/en/2020/04/airbus-reports-first-quarter-q1-2020-results.html.

11 « Accord collectif relatif au plan d'adaptation des sociétés composant l'UES Airbus Commercial dans le contexte de la crise économique Covid-19 et ses conséquences sur l'emploi ».

12 Bhí ar Airbus thart ar 9 400 post a ghearradh ar fud an domhain. https://www.airbus.com/content/dam/corporate-topics/financial-and-company-information/Airbus-FY2020-SN.pdf.

13 Loi d'urgence n°2020-734 an 17 Meitheamh 2020.

14 Ba é CORAC (Conseil pour la Recherhe Aéronauqitue Civile) a sheol an clár.

15 Activité Partielle de Longue Durée (APLD) : https://www.service-public.fr/professionnels-entreprises/vosdroits/F35381

2021, bhí an ráta dífhostaíochta ag 6.9 % i nDúiche an Loire agus ag 9.4 % in Occitanie[16].

22. Go háirithe in Occitanie, meastar go mbeidh tionchar suntasach ag an líon daoine a dífhostaíodh ar an margadh saothair agus ar an ngeilleagar. Is iad cathair Toulouse agus an réigiún máguaird príomhbhraisle aerloingseoireachta na hEorpa. Tá 110 000 duine fostaithe san earnáil sin. Braitheann an réigiún sin go mór ar an aerloingseoireacht, arb í an earnáil is tábhachtaí sa réigiún í. Is é Airbus an fostóir príobháideach is mó sa réigiún. Meastar go mbeidh iarmhairtí an-tromchúiseach ag an laghdú 35 % ar phleananna táirgeachta ag Airbus ar an bhfostaíocht san earnáil trí chéile, rud a dhéanfaidh difear do líon mór soláthróirí, etc[17].

23. A mhéid a bhaineann le Occitanie, tá ardleibhéal oideachais ag cuid mhór de na hoibrithe iomarcacha ach ós rud é go bhfuil 31 % de na hoibrithe dífhostaithe thar aois 50, tá sé níos deacra fostaíocht eile a aimsiú dóibh. Mar sin féin, tá an réigiún ag teacht chun cinn mar éiceachóras tábhachtach le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta, áit a bhfuil deiseanna do thairbhithe atá ag iarraidh a ngnólacht féin a chur ar bun[18].

24. I nDúiche an Loire, ní mheastar go mbeidh tionchar ghéarchéim na heitlíochta ar an ngeilleagar áitiúil agus ar an margadh saothair chomh tromchúiseach céanna, de bharr ardleibhéal éagsúlaithe an gheilleagair réigiúnaigh. Mar sin féin, níl mórán deiseanna fostaíochta ann le haghaidh innealtóirí agus teicneoirí aerloingseoireachta. Meastar go dtiocfaidh deiseanna chun cinn san earnáil mhuirí, nó san earnáil fuinneamh in-athnuaite, agus is gá, dá réir sin, na hoibrithe dífhostaithe a athsciliú. Ach oiread le Occitanie, is dócha go gcuirfidh aois na n-oibrithe bac ar an athfhostú. Tá 11 % de na baill foirne i gceist thar aois 55[19].

**Cur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um oirchill ar athrú agus ar athstruchtúrú (QFR)**

25. Thug an Fhrainc tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh san áireamh na moltaí a leagtar amach i gCreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um oirchill ar athrú agus athstruchtúrú: de réir Chód Saothair na Fraince, aon chuideachta *in bonis* (i.e. cuideachta nach bhfuil faoi leachtú) a bhfuil 1 000 fostaí nó níos mó aici, is faoin gcuideachta sin atá sé costais iomlána na mbeart gníomhach maidir leis an margadh saothair a íoc le baill foirne a dífhostaíodh mar iarmhairt ar an athstruchtúrú eagraíochtúil. Ní fhoráiltear d'idirghníomhú ó údaráis phoiblí ach a mbeidh deireadh leis na bearta a chuireann an fiontar atá ag dífhostú ar fáil.

26. Leag údaráis na Fraince amach go bhfuil córas an-sofaisticiúil ag Airbus chun athruithe a shainaithint agus a thuar, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngá le scileanna agus inniúlachtaí faoi leith i measc a fhoirne, agus le riachtanais foirne go ginearálta[20]. Tá dlúthpháirt ag ionadaithe foirne agus ag ionadaithe comharchumainn sna pleananna eagraíochtúla maidir le hoiriúnú don athrú. Cé gur bhuail an phaindéim agus an ghéarchéim a lean í an earnáil go tobann, bhí Airbus in ann tógáil

16 Sonraí a bhailigh Institiúid Náisiúnta na Fraince um Staitisticí agus Staidéar Eacnamaíoch – tá tuilleadh eolais maidir leis an modheolaíocht agus leis na staitisticí anseo: https://www.insee.fr/fr/metadonnees/source/indicateur/p1660/description.

17 Doiciméad neamhfhoilsithe: Airbus – Étude d'Impact, BPI Consulting Paris, 12/2020.

18 Idem.

19 Idem.

20 San 'Accord-Gestion des Emplois et des Parcours Professionnels' a d'eisigh Airbus an 15 Feabhra 2019 ghabh sé air féin anailís a dhéanamh ar na riachtanais sin, agus iad a phlé leis na gníomhaithe inmheánacha ábhartha ar fad.

ar an gcóras a bhí aige cheana maidir le comhairliúcháin idir ionadaithe foirne agus ionadaithe ceardchumainn chun plé a dhéanamh ar an bplean athstruchtúrúcháin is gá chun freagairt ar staid na géarchéime.

27. Thug an Fhrainc le fios go bhfuil Airbus, ar cuideachta *in bonis* é a bhfuil níos mó ná 1 000 duine fostaithe aige, tar éis pacáiste cuimsitheach beart gníomhach maidir leis an margadh saothair a chur ar bun arb é is aidhm dó cúnamh a thabhairt do na hoibrithe a dífhostaíodh. I gcomhar le comhairleoireacht sheachtrach socrúcháin seachtraigh, chuir Airbus pointe eolais treoraíochta ar bun dar teideal *Mobility Pathways*, an chéad phointe teagmhála do na hoibrithe i gceist. Ní hamháin go bhfaigheann oibrithe an chéad treoraíocht maidir leis na roghanna éagsúla atá ar fáil dóibh ag an bpointe eolais sin, ach tugtar cuidiú breise dóibh maidir lena n-iarrachtaí páirt a ghlacadh i mbearta oiliúna, nó fostaíocht nua a aimsiú.

*Comhlántacht maidir le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ó chistí náisiúnta nó ó chistí an Aontais*

28. Maidir leis na bearta a bhfuil tuairisc orthu thíos atá ag fáil ranníocaíocht airgeadais ó CED, dheimhnigh údaráis na Fraince nach bhfaighidís ranníocaíochtaí airgeadais ó ionstraimí airgeadais eile de chuid an Aontais chomh maith.

*Nósanna imeachta maidir le dul i gcomhairle leis na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú nó lena n-ionadaithe nó leis na comhpháirtithe sóisialta agus leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*

29. Tá sé tugtha le fios ag an bhFrainc gur cuireadh an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe le chéile i gcomhairle le hionadaithe foirne agus ceardchumainn. I sraith fhada cruinnithe agus idirbheartaíochta idir Airbus agus ionadaithe foirne agus ionadaithe ceardchumainn ábhartha[21], ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, shainaithin na páirtithe idirbheartaíochta bealaí a d’fhéadfaí a úsáid chun maolú a dhéanamh ar an éifeacht dhíreach ar an bhfoireann agus chun pacáistí beart a dhearadh chun cuidiú leis na fostaithe i gceist. Cuireadh tús leis na babhtaí idirbheartaíochta sin an 30 Meitheamh 2020 agus tháinig deireadh leo an 15 Deireadh Fómhair 2020.

**Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú agus na bearta atá beartaithe**

*Na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú*

30. Meastar gur 297 is líon do na hoibrithe iomarcacha a ghlacfaidh páirt sna bearta. Is mar seo a leanas atá an miondealú a rinneadh ar na hoibrithe sin de réir gnéis, aoisghrúpa, agus an leibhéil oideachais atá acu:

| Catagóir | | An líon tairbhithe a bhfuil coinne leo | |
|---|---|---|---|
| Inscne: | Fir: | 236 | (79.5 %) |
| | Mná: | 61 | (20.5 %) |
| | Neamh-dhénártha | 0 | (0.0 %) |
| Aoisghrúpa: | Faoi bhun 30 bliain: | 35 | (11.8 %) |

[21] CGA-F (Comité de Groupe Airbus France), CSE-C (Comité Social Economique-Central), CSE-E (Comité Social Economique-Etablissement), Comité Européen.

| | | | |
|---|---|---|---|
| | 30-54 bliana: | 222 | (74.7 %) |
| | Os cionn 54 bliana: | 40 | (13.5 %) |
| Leibhéal oideachais | Meánoideachas íochtarach nó níos lú[22] | 0 | (0,0 %) |
| | Oideachas ard-mheánscolaíochta[23] nó iar-mheánscolaíochta[24] | 150 | (50.5 %) |
| | Oideachas treasach[25] | 147 | (49.5 %) |

*Bearta atá beartaithe*

31. Na bearta ar lena n-aghaidh atá údaráis na Fraince ag lorg cómhaoinithe ó CED, is bearta iad atá mar chuid den phacáiste foriomlán de bhearta pearsantaithe atá curtha ar fáil ag an bhfiontar atá ag dífhostú do na hoibrithe i gceist. Na bearta sin a théann níos faide ná na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar an bhfiontar atá ag dífhostú, sin iad na bearta atá incháilithe le haghaidh tacaíocht ó CED. Tá tuairisc orthu thíos:

– Deontais le haghaidh gnólacht nuathionscanta: Is é is aidhm don bheart seo tacaíocht a thabhairt do thairbhithe ar mhaith leo a ngnólacht féin a bhunú trí dheontas le haghaidh gnólacht nuathionscanta dar luach EUR 15 000 a bhronnadh ar gach tairbhí. Is féidir le hoibrithe a bhfuil spéis acu cur isteach ar an scéim le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus teacht i dtír ar an deontas ar feadh 6 mhí tar éis dóibh dul isteach sa scéim. Íoctar an deontas mar ráta comhréidh ar sholáthar fianaise gur cláraíodh gnólacht i ndáiríre. Tá an próiseas ar fad á bhainistiú ag Mobility Pathways, dream a chuireann treoraíocht ar fáil maidir le conas iarratas a dhéanamh, a sheiceálann agus a dhearbhaíonn na pleananna gnó, agus a dhéanann an cinneadh deiridh maidir leis an deontas. Má chruthaíonn tairbhithe gnólacht le chéile, deonófar an tsuim iomlán do gach tairbhí.

– Oiliúint i ndáil le gnólacht a chur ar bun: Tá an beart seo dírithe ar na tairbhithe a chláraigh leis an scéim le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta. Cuirtear oiliúint chuimsitheach ar fáil dóibh siúd ar mhaith leo a ngnólacht féin a chur ar bun.

– Liúntais i leith caiteachas a bhaineann le hoiliúint i ndáil le gnólacht a chur ar bun: Is féidir le tairbhithe atá ag glacadh páirt san oiliúint i ndáil le gnólacht a chur ar bun aisíocaíocht a fháil ar chostais a bhaineann le lóistín, bia, iompar, agus seirbhísí ateangaireachta a d’fhéadfadh a bheith i gceist, etc.

– Méaduithe ar thuarastal: Is é is aidhm don bheart seo dreasacht a chur ar fáil chun go nglacfar le fostaíocht nua, fiú má bhíonn tuarastal na fostaíochta nua níos ísle ná an post a bhí acu roimhe. Is é EUR 350 an uasmhéid in aghaidh na míosa agus íoctar é ar feadh tréimhse suas le bliain.

32. Thug an Fhrainc le fios go gcuireann an fiontar atá ag dífhostú cúrsaí oiliúna ar fáil go táthrialta dá fhoireann, cúrsaí ina dtugtar aird faoi leith ar scileanna digiteacha

22 ISCED 0-2
23 ISCED 3
24 ISCED 4
25 ISCED 5-8

agus ar scileanna a theastaíonn i ngeilleagar atá tíosach ar acmhainní. Dá bhrí sin, ní bheadh gá, ar bhonn struchtúrtha, le scaipeadh scileanna cothrománacha den sórt sin mar a luaitear in Airteagal 7.2 den Rialachán maidir le CED. Mar sin féin, má shainaithnítear riachtanas oiliúna faoi leith le haghaidh tairbhí sonrach, d'fhéadfaí an oiliúint sin a chur ar fáil.

33. Is ionann na gníomhaíochtaí atá beartaithe, a bhfuil tuairisc orthu anseo, agus bearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair laistigh de na gníomhaíochtaí incháilithe a leagtar amach in Airteagal 7 den Rialachán maidir le CED. Ní chuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad bearta éighníomhacha cosanta sóisialta.

34. Sholáthair an Fhrainc an fhaisnéis a theastaíonn maidir le bearta atá éigeantach don fhiontar lena mbaineann de bhua an dlí náisiúnta nó de bhun comhaontuithe comhchoiteanna. Dheimhnigh sí nach dtiocfadh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad na ngníomhaíochtaí sin.

*Buiséad measta*

35. Is é EUR 4 406 194 na costais mheasta iomlána, costais a chuimsíonn caiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe amháin agus nach gcuimsíonn aon chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialúcháin agus tuairiscithe.

36. Is é EUR 3 745 264 (85 % de na costais iomlána) an ranníocaíocht airgeadais iomlán a iarradh ó CED.

37. Is é Airbus an fhoinse réamh-mhaoinithe náisiúnta nó comhchistithe náisiúnta.

| Bearta | An líon measta rannpháirtithe | An costas measta in aghaidh an rannpháirtí *(EUR)*[26] | Costais mheasta iomlána *(EUR)*[27] |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí pearsantaithe (bearta faoi Airteagal 7(2)(a) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Deontais le haghaidh gnólacht nuathionscanta (prime création d'entreprise) | 217 | 15 000 | 3 255 000 |
| Oiliúint i ndáil le gnólacht a chur ar bun (formation création d'entreprise) | 275 | 3 974 | 1 092 902 |
| Fo-iomlán (a):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe | – | | 4 347 902<br>(98.7 %) |
| Liúntais agus dreasachtaí (bearta faoi Airteagal 7(2)(b) den Rialachán maidir le CED) | | | |
| Liúntais i leith caiteachas a bhaineann le hoiliúint i ndáil le gnólacht a chur ar bun (allocation frais annexes formation création d'entreprise) | 21 | 724 | 15 199 |

[26] Chun deachúlacha a sheachaint, slánaítear na meánchostais mheasta in aghaidh an rannpháirtí. Mar sin féin, ní dhéanann an slánú aon difear do chostas iomlán gach birt, arae tá sé sin fós mar a shonraítear san iarratas a chuir an Fhrainc isteach.

[27] Mar gheall ar an slánú, ní réitíonn na suimeanna iomlána le chéile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Méaduithe ar thuarastal (indemnité différentielle de salaire) | 22 | 1 959 | 43 093 |
| Fo-iomlán (b):<br>An céatadán den phacáiste de sheirbhísí pearsantaithe: | – | | 58 292<br>(1.3 %) |
| Gníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(5) den Rialachán maidir le CED | | | |
| 1. Gníomhaíochtaí ullmhúcháin | – | | 0 |
| 2. Bainistíocht | – | | 0 |
| 3. Faisnéis agus poiblíocht | – | | 0 |
| 4. Rialú agus tuairisciú | – | | 0 |
| Fo-iomlán (c):<br>An céatadán de na costais iomlána: | – | | 0<br>(0 %) |
| Costais iomlána (a + b + c): | – | | 4 406 194 |
| Ranníocaíocht ó CED (85 % de na costais iomlána) | – | | 3 745 264 |

38. Costais na ngníomhaíochtaí a shainaithnítear sa tábla thuas mar ghníomhaíochtaí faoi Airteagal 7(2)(b) den Rialachán maidir le CED, ní mó iad ná 35 % de na costais iomlána le haghaidh an phacáiste chomhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe. Dheimhnigh an Fhrainc go bhfuil na gníomhaíochtaí sin ag brath ar rannpháirtíocht ghníomhach na dtairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cuardach poist nó le hoiliúint.

39. Dheimhnigh an Fhrainc nach rachadh costais na n-infheistíochtaí le haghaidh féinfhostaíochta, gnólachtaí nuathionscanta agus táthcheangail ag fostaithe thar EUR 22 000 in aghaidh an tairbhí.

*Tréimhse incháilitheachta caiteachais*

40. An 1 Samhain 2020, thosaigh an Fhrainc ag soláthar na seirbhísí pearsantaithe do na tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú. Dá bhrí sin, an caiteachas ar na gníomhaíochtaí, is caiteachas é a bheidh incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Samhain 2020 go dtí 24 mhí tar éis an dáta a thiocfaidh an Cinneadh Maoiniúcháin i bhfeidhm.

41. Níl an Fhrainc ag baint leas as an deis cistí a iarraidh le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialúcháin agus tuairiscithe.

**Córais bhainistíochta agus rialúcháin**

42. Tá tuairisc san iarratas ar an gcóras bainistíochta agus rialúcháin lena sonraítear freagrachtaí na gcomhlachtaí lena mbaineann. Thug an Fhrainc fógra don Choimisiún go ndéanfadh an Délégation générale à l’emploi et à la formation professionnelle (DGEFP) ón Aireacht Saothair, Fostaíochta, Gairmoiliúna agus Idirphlé Shóisialta, an ranníocaíocht a bhainistiú, go háirithe an rannán Mission Fonds national de l’Emploi (DGEFP - MFNE). Déanfaidh an rannán Mission des Affaires Financières (DGEFP - MAFI) na híocaíochtaí laistigh de DGEFP. Is é Commission Interministérielle de Coordination des contrôles (CICC) údarás iniúchóireachta na Fraince le haghaidh CED. Is é Airbus a bheidh freagrach as cur

chun feidhme na mbeart. I ndáil leis sin, tabharfaidh údaráis na Fraince comhaontú comhpháirtíochta i gcrích le Airbus.

**Na gealltanais a thug an Ballstát lena mbaineann**

43. Chuir an Fhrainc na dearbhuithe uile ar fáil a bhfuil gá leo maidir leis na nithe seo a leanas:

– cloífear leis na prionsabail um chóir chomhionann agus neamh-idirdhealú maidir leis an rochtain ar na gníomhaíochta atá beartaithe agus i gcur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin,

– comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna,

– maidir le Airbus, a lean lena ghníomhaíochtaí tar éis dó na daoine lena mbaineann a leagan as, rinne sé a chuid oibleagáidí dlíthiúla lena rialaítear na hiomarcaíochtaí a chomhlíonadh agus riar sé dá chuid oibrithe dá réir,

– beidh cosc ar aon mhaoiniú dúbailte,

– cloífidh an ranníocaíocht airgeadais ó CED le rialacha nós imeachta, sin agus le rialacha ábhartha an Aontais maidir le státchabhair.

## IMPLEACHT BHUISÉADACH

**Togra buiséadach**

44. Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 milliún (praghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[28].

45. Tar éis dó an t-iarratas a scrúdú i dtaca leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1) agus (2) den Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, agus tar éis dó an líon tairbhithe ar a bhfuiltear ag díriú, na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus na costais mheasta a chur san áireamh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún EUR 3 745 264 a shlógadh as CED, sin 85 % de chostais iomlána na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, chun ranníocaíocht airgeadais a sholáthar don iarratas.

46. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach[29].

**Gníomhartha gaolmhara**

47. An tráth céanna a thíolacfaidh an Coimisiún an togra le haghaidh cinneadh seo CED a shlógadh, déanfaidh sé togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le EUR 3 745 264 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

[28] IO L 433, 22.12.2020, lch. I/11.
[29] IO L 433, 22.12.2020, lch. I/29.

48. An tráth céanna a ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh cinnidh seo CED a shlógadh, ghlac sé cinneadh maidir le ranníocaíocht airgeadais arb ionann é agus cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais[30]. Tiocfaidh an cinneadh airgeadais sin i bhfeidhm ar an dáta a fhaigheann an Coimisiún fógra faoi fhormheas an aistrithe bhuiséadaigh a dhéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

[30] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018, lch. 1

2021/0363 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón bhFrainc – EGF/2021/005 FR/Airbus**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[31], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, an comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach[32], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht inmharthana chuibhiúil a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena gcuid gníomhaíochta i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin, agus trí chuidiú leo fostaíocht inmharthana chuibhiúil a aimsiú arís a thúisce is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (praghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[33].

(3) Chuir an Fhrainc iarratas isteach an 26 Iúil 2021 chun CED a shlógadh, i ndáil le hiomarcaíochtaí oibrithe in Airbus (Airbus SE) san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ('NACE')[34] Athbhreithniú 2 rannán 30 (Monarú trealaimh iompair) sa Fhrainc. Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/691. Comhlíonann an

[31] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[32] IO L 433, 22.12.2020, lch. I/29

[33] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433, 22.12.2020, lch. I/11).

[34] Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

t-iarratas sin na coinníollacha le ranníocaíocht airgeadais ó CED a shocrú, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 3 745 264 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Fhrainc isteach.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun CED a shlógadh, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ón dáta a ghlactar é,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2022, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 3 745 264 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*][*].

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[*] An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear san IO é.